Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 10 Iúil 2024
(OR. en)

11600/24
PV CONS 40
AGRI 541
PECHE 264

**DRÉACHT-MHIONTUAIRISCÍ**

COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH

(**Talmhaíocht** agus **Iascach**)

24 Meitheamh 2024

**1. Glacadh an chláir oibre**

Ghlac an Chomhairle an clár oibre a leagtar amach in 11159/24.

**Gníomhaíochtaí neamhreachtacha**

IASCACH

**2. Teachtaireacht maidir le hiascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025** — 10679/24

*Cur i láthair ón gCoimisiún*
*Seisiún tuairimíochta*

Thug an Chomhairle dá haire an cur i láthair ón gCoimisiún maidir lena theachtaireacht i ndáil le 'Iascaireacht inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2025.

**3. Formheas na míreanna 'A'**

**(a) Liosta neamhreachtach** — 11413/24

Ghlac an Chomhairle gach mír 'A' a liostaítear sa doiciméad thuas, lena n-áirítear gach doiciméad teanga COR agus REV a tíolacadh lena nglacadh.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis na míreanna sin san Aguisín.

**(b) Liosta reachtach** (Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach) — 11414/24

**Talmhaíocht agus Iascach**

**1. Cinneadh maidir leis an mBuanchoiste Foraoiseachta** — 10896/24 + ADD 1 + COR 1 FORETS

*Cur chuige ginearálta*
a d'fhormheas Coreper, Cuid 1, an 14 Meitheamh 2024

Tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an téacs comhréitigh a mhol an Uachtaránacht.

Leagtar amach ráiteas a ghabhann leis an mír seo san Iarscríbhinn.

**<u>Gníomhaíochtaí neamhreachtacha</u>**

<u>TALMHAÍOCHT</u>

4. Na conclúidí maidir le todhchaí na talmhaíochta san Aontas — 11247/24
*Formheas*

**<u>Aon ghnó eile</u>**

**5. (a) Tionchar ghníomhaíochtaí na Rúise i Muir Bhailt agus ar Mhargadh Aonair an Aontais** [2] — 11392/24
*Faisnéis ó thoscaireachtaí na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine agus na Sualainne*

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireachtaí na hEastóine, na Laitvia, na Liotuáine agus na Sualainne ar fáil mar a leagtar amach sa doiciméad thuas maidir le tionchar ghníomhaíochtaí na Rúise i Muir Bhailt agus ar mhargadh aonair an Aontais. Thug an Chomhairle dá haire freisin barúlacha an Choimisiúin agus na dtoscaireachtaí.

(b) An caidreamh iascaigh idir an tAontas Eorpach agus an Iorua a fhorbairt amach anseo — 11266/1/24 REV 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Gearmáine, thar ceann thoscaireachtaí na Beilge, na Gearmáine, na hEastóine, na hÉireann, na Spáinne, na Fraince, na Laitvia, na hÍsiltíre, na Polainne, na Portaingéile agus na Sualainne*

**(c) Tograí reachtacha reatha** [1][C]
(Plé poiblí i gcomhréir le hAirteagal 16(8) den Chonradh ar an Aontas Eorpach)

**(i) Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha – staid na himeartha** — 10843/24

Thug <u>an Chomhairle</u> dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn leis an obair ar an togra le haghaidh Rialachán lena mbunaítear creat faireacháin le haghaidh foraoisí Eorpacha seasmhacha.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

**(ii) An Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí - staid na himeartha** 11142/24

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn leis an obair ar na tograí le haghaidh Rialachán maidir le hábhar atáirgthe plandaí agus foraoise.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

**(iii) An Rialachán maidir le hábhar atáirgthe foraoise – staid na himeartha** 11145/24

Pléadh mír 5 (c) (iii) agus mír 5 (c) (ii) le chéile

**(iv) Rialachán maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar – staid na himeartha** 11420/24

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir leis an dul chun cinn leis an obair ar na tograí le haghaidh Rialachán maidir le cosaint ainmhithe agus iad á n-iompar.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

**(d) Siompóisiam: Taithí agus peirspictíochtaí maidir le córais lipéadaithe cothaithe ar aghaidh na pacáistíochta** [2] 11109/24

(An Bhruiséil, an 25 Aibreán 2024) – torthaí

*Faisnéis ón Uachtaránacht*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir an Uachtaránacht ar fáil maidir le toradh an tsiompóisiam ar thaithí agus ar dhearcthaí i ndáil le córais lipéadaithe cothaithe ar aghaidh na pacáistíochta.

Thug an Chomhairle dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

**(e)** **Incháilitheacht caiteachais a bhaineann le ceannach ainmhithe pórúcháin faoi Phleananna Straitéiseacha CBT a thabhairt isteach** ⃞ 10168/24 + COR 1
*Faisnéis ó thoscaireacht na Rómáine*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Rómáine ar fáil. Thug sí dá haire freisin na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí eile maidir leis an ábhar sin, chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

**(f)** **Bearta chun caillteanas cistí a chosc agus chun an t-ualach riaracháin i mbainistiú chistí an Chiste Eorpaigh Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe a laghdú** ⃞ 11217/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Bulgáire, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Seice, na Gréige, na Liotuáine, na Rómáine agus na Slóvaice*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Bulgáire ar fáil, thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire, na Seicia, na Gréige, na Liotuáine, na Rómáine agus na Slóvaice. Thug sí dá haire freisin barúlacha na dtoscaireachtaí chomh maith leis an idirghabháil ón gCoimisiún.

**(g)** **Iarraidh ar dhíothú nó ar mhéadú a dhéanamh ar an teorannú ar bhearta Státchabhrach in aghaidh an ghnóthais i dtáirgeadh príomhúil talmhaíochta faoin gCreat Sealadach Géarchéime agus Aistrithe** ⃞ 11353/24
*Faisnéis ó thoscaireacht na Bulgáire thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire agus na Rómáine, le tacaíocht ó thoscaireacht na Polainne*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Bulgáire ar fáil thar ceann thoscaireachtaí na Bulgáire agus na Rómáine agus le tacaíocht ó thoscaireacht na Polainne. Thug sí dá haire freisin an freagra ón gCoimisiún agus na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí.

**(h) Damáiste suntasach a rinneadh i limistéir thalmhaíochta de dheasca drochaimsire** [F2] 11319/24

*Faisnéis ó thoscaireacht na Cróite*

Thug an Chomhairle dá haire an fhaisnéis a chuir toscaireacht na Cróite ar fáil. Thug sí dá haire freisin an freagra ón gCoimisiún agus na barúlacha a thug roinnt toscaireachtaí.

---

[❶] An chéad léamh

[F2] Plé poiblí arna mholadh ag an Uachtaránacht (Airteagal 8(2) de Rialacha Nós Imeachta na Comhairle)

[C] Mír atá bunaithe ar thogra ón gCoimisiún

**RÁITIS A GHABHANN LEIS NA MÍREANNA REACHTACHA ‘A’ A LEAGTAR AMACH IN 11414/24**

| | |
|---|---|
| **Maidir le mír 1 ar liosta na míreanna ‘A’:** | **Cinneadh maidir leis an mBuanchoiste Foraoiseachta**<br>*Cur chuige ginearálta* |

**RÁITEAS ÓN gCOIMISIÚN**

‘Cuireann an Coimisiún in iúl gur cúis mhór imní dó an Cur Chuige Ginearálta maidir le hathruithe a chaitheann amhras ar aidhm agus ar chuspóir an togra. Déanann trí athrú shonracha an togra ón gCoimisiún a shaobhadh agus, dá bhrí sin, ní féidir linn glacadh leo. Tá súil ag an gCoimisiún gur féidir na príomhábhair imní atá aige a chur ina gceart le linn an nós imeachta reachtaigh. Mura ndéanfar amhlaidh, beidh ar an gCoimisiún a mhachnamh a dhéanamh maidir le cé acu an ndéanfaidh sé a thogra a tharraingt siar nó nach ndéanfaidh.

Ar an gcéad dul síos, tá cuspóir comhairleach ag Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin. I gcomhréir le prionsabal an neamhspleáchais institiúidigh agus riaracháin agus le comhaontú Idirinstitiúideach 2016 maidir le reachtóireacht níos fearr, tá an Coimisiún i dteideal a chinneadh an rachaidh sé i gcomhairle leis na saineolaithe agus cathain a rachaidh sé i gcomhairle leo, ach sin ag brath ar na hábhair a bhfuil an chomhairle ag teastáil uaidh ina leith, seachas chun dréachtghníomhartha tarmligthe a ullmhú.

Ar an dara dul síos, an cinneadh maidir le cé na seirbhísí a dhéanfaidh ionadaíocht ar an gCoimisiún, is cinneadh inmheánach é a eascraíonn as a neamhspleáchas institiúideach agus riaracháin.

Ar an tríú dul síos, cuireann an Coimisiún i bhfios go láidir nach féidir leis agus nach bhfuil rún aige ionadaithe a fhorchur ar na Ballstáit nach mór dóibh bheith i láthair. Mar sin féin, ba cheart a áirithiú le comhdhéanamh an ghrúpa gur féidir leis an ról agus an sainordú atá beartaithe dó a chomhlíonadh ionas gur féidir leis an saineolas is gá a chur ar fáil go díreach don Choimisiún le linn chruinnithe na saineolaithe. Ba cheart gach ábhar beartais ábhartha de chuid an Aontais a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht a chumhdach leis sin, lena n áirítear cur chun feidhme agus obair leantach Straitéis Foraoiseachta an Aontais Eorpaigh le haghaidh 2030. Ní hamháin go dtacódh sé sin leis an gCoimisiún comhleanúnachas agus comhsheasmhacht a áirithiú i gceapadh beartas gaolmhar ach neartódh sé freisin an Buanchoiste Foraoiseachta mar chomhlacht comhairleach lárnach maidir le hábhair a bhaineann le foraoisí agus leis an bhforaoiseacht, rud a chuirfeadh ar chumas na mBallstát a dtuairimí a chur in iúl go hiomlán.

Thairis sin, tugann an Coimisiún dá aire freisin gur cheart an t ainm ‘coiste’ a sheachaint agus gur cheart ‘grúpa saineolaithe’ a chur ina ionad, ar mhaithe le rialáil níos fearr, soiléireacht agus comhsheasmhacht. Má aisghairtear cinneadh 1989 ón gComhairle, is Grúpa Saineolaithe de chuid an Choimisiúin é an grúpa a bhunaítear leis an gCinneadh seo agus ba cheart don Choimisiún é a chur ar bun.’